


# COMHALTAS

## Comhaltas Ceoltóirí Éireann

# Plean Gníomha don Ghaeilge 2011 - 2013

Aighneacht thar cheann Chomhaltas Ceoltóirí Éireann
chuig an
Roinn Ghnóthaí Pobail, Comhionnannais & Gaeltachta

# CÚLRA AGUS COMHTHÉACS

Ón tráth ar bunaíodh Comhaltas i 1951, tá sé mar aidhm againn ár gcuid saintraidisiúin féin a choinneáil beo agus iad a thabhairt ar ais chuig stádas suntasach i saol na tire. Díritear ár niarrachtaí i leith na haidhme sin ar an aos óg ach go háirithe, atá chomh tabhachtach sin ó thaobh thodhchaí na Gaeilge de.

Tá straitéis Chomhaltas Cheoltóirí Éireann ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge fite fuaite go huile is go hiomlán le príomhobair an Chomhaltais maidir le slánú agus forleathnú an cheoil agus na hamhránaíochta traidisiúnta.

Tá gach a ndéanann Comhaltas maidir leis an gceol, an rince agus an amhránaiocht traidisiúnta dírithe chomh maith ar chomthéacs a chruthú leis an teanga a chothú. Tá níos mó i gceist in obair an Chomhaltais ná seinm ceoil nó amhránaíocht. Tá 'scéal' agus comthéacs an cheoil agus na hamhránaíochta tábhachtach, chomh maith. Tuigtear dúinne gur eochair riachtanach í an Ghaeilge le cabhrú le daoine teacht ar iomláine a ndúchais.

Tá sé mar aidhm ag Comhaltas nósmhaireachtaí úsáide na Gaeilge a bhuanú trí bhunús cultúrtha a thabhairt don teanga. Tugann ár gcuid imeachtaí ar fad comhthéacs siamsúil don teanga atá lasmuigh den chóras oideachais agus a chuidíonn le normalú na teanga i measc an aosa óig.

## An Comthéacs Uileghabhálach

Tá comthéacs uileghabhálach ag baint leis an Aigneacht seo. Aithnítear ról lárnach an Chomhaltais i gcur chun cinn na Gaeilge sa Straitéis Fiche Blian a d'fhoilsigh an Rialtas le déanaí. *'Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach d'eiteas eagraíochtaí deonacha mar ... Chomhaltas Ceoltóirí Éireann'* [1] Leantar ar aghaidh: '*Aithníonn an Rialtas an priomhról atá acu ó thaobh chur chun cinn na teanga. Déanfaidh an Rialtas forbairt agus doimhniú ar a thiomantas do na heagraíochtaí sin ó thaobh chur chun cinn na teanga.*

*D'fhéadfadh eagraíochtaí deonacha spóirt agus cultúir eile ról lárnach a bheith acu ó thaobh úsáid níos leithne na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga a chur chun cinn. Rachaidh an Rialtas go forghníomhach I gcomhar leis na heagraiochtaí sin le leas a bhaint as cumas a gcuid gníomhaíochtaí spóirt agus cultúir atá bunaithe sa phobal le cuidiú go mór leis an Straitéis.*'[2]  Más fúinne tabhairt faoin 'ról lárnach' sin sna trí bhlian atá faoi chaibidil san Aighneacht seo 2011 - 2013, caithfimid ár dtaithí agus ár nachmhainní féin a thiomsú ach caithfidh fáilt a bheith againn chomh maith ar na hachmhainní cuí ó Chiste na Gaeilge.

Déantar foirlíniú suntasach ar fhiúntas straitéis agus obair an Chomhaltais i leith na Gaeilge san Athbhreithniú ar Luach Caiteachais a d'fhoilsigh an Roinn Pobail Tuaithe agus Gaeltachta faoi réir an Choiste Láir um Athbhreithniú Caiteachais agus na Roinne Airgeadais.

---

1 Straitéis Fiche Blian an Rialtais i leith na Gaeilge.
2 Straitéis Fiche Blian an Rialtais i leith na Gaeilge.
3 Athbhreithniú ar Luach Caiteachais a d'fhoilsigh an Roinn Pobail Tuaithe agus Gaeltachta faoi réir an Choiste Láir um Athbhreitniú Caiteachais agus na Roinne Airgeadais.

Seo mar a deirtear san Athbhreithniú sin: *'Comhaltas provided a positive environment conducive to the normalisation of the use of the Irish language and produced outcomes having a tangible impact on the promotion of the language.'* [3] *'... funding of Comhaltas Ceoltóirí Éireann provides Ciste with a rare opportunity to avail of economies of scale and to ensure that the language is widely used in a setting that is social and based on the community as well as being artistic in nature.'* [4]

Baintear na tátail seo a leanas as an Athbhreithniú: '*The expenditure in the period under review was used efficiently in exposing large numbers of people to an environment where the language was visible and accepted and in promoting the language through specific measures such as language classes. CCÉ is unique in character and this funding ensures that the language is promoted both to a large audience that might not otherwise be reached and to the Irish-language community both nationally and overseas.... CCÉ is to be commended for its commitment to the language and willingness to explore ways in which this can be further promoted within the organisation and through its activities.'* [5]

Sa tréimhse trí bhlian a chuimsítear san Aighneacht seo tá sé i gceist againn treisiú a dhéanamh, agus dlús agus leithne a chur, lenár straitéis agus leis na tionscnaimh ar fad a thuill an tardmholadh sin san Atbhreithniú Caiteachais. Ach, níos tábhachtaí ná sin, tá sé i geist again straitéisí agus tionscnaimh *nua* a fhorbairt le tógáil ar an mbunús láidir a aithníodh san Athbreithniú. Leagfar síos spriocanna sonraithe agus táscairí feidhmíochta do na tionscnaimh sin agus leagfar freagracht soiléir ar an gCoiste Náisiúnta agus ar fhoireann an Chomhaltais na spriocanna sin a chomhlíonadh.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH 2011 - 2013

### Gníomhaíocht # 1

***Iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge***

Is eagras idirnáisiúnta é an Comhaltas le 415 craobh fréamhaithe I bpobail i 15 tír ar cheithre mhór-roinn. I measc na gcraobhacha seo, tá an Ghaeilge á húsáid ar bhealaí éagsúla in imeachtaí, i ngníomhaíochtaí laethúla agus le linn Fleadhanna contaetha, cúige agus náisiúnta. Is liosta le háireamh iad na cineálacha éagsúla imeachtaí ar fad atá ar siúl ag an gComhaltas – cuid díobh i nGaeilge amháin agus cuid go dátheangach (*Féach **Aguisín I** ar **lch. 23** thíos le haghaidh liosta cuimsitheach*)

### *Sprioc*

Straitéis a chur i bhfeidhm le hiniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge in obair uile an Chomhaltais le deimhniú cé chomh forleathan is atá an Ghaeilge in úsáid – ach níos tábhachtaí ná sin – leis an bpóitéinsil atá ann le níos mó Gaeilge a úsáid a thuiscint níos

4 Athbhreithniú ar Luach Caiteachais a d'fhoilsigh an Roinn Pobail Tuaithe agus Gaeltachta faoi réir an Choiste Láir um Athbhreitniú Caiteachais agus na Roinne Airgeadais.
5 Athbhreithniú ar Luach Caiteachais a d'fhoilsigh an Roinn Pobail Tuaithe agus Gaeltachta faoi réir an Choiste Láir um Athbhreitniú Caiteachais agus na Roinne Airgeadais.

fearr agus a ríomhadh i bplean cuimsitheach. Beidh an tiniúchadh seo mar chuid tábhachtach de straitéis an Chomhaltais le príomhacht a thabhairt don Ghaeilge i gcomthéachas 2011, Bliain Chomóradh 60 Blian ó bunaíodh an Comhaltas.

### *Táscairí feidhmíochta*

- Faoi lár na bliana 2011 inúchadh forleathan a thionscnamh agus a chríochnú maidir le húsáid na Gaeilge i measc gach aonad agus gach cineal imeachta den Chomhaltas le bunlíne a riomhadh maidir le húsáid na Gaeilge.
- Faoi dheireadh 2011, plean cuimsitheach a dhréachtadh, bunaithe ar an iniúchadh sin, a leagfaidh amach tionscnaimh agus bealaigh nua chun cur le husáid na Gaeilge i ngach aonaid agus i ngach cineál imeachta de chuid an Chomhaltais
- **2012:** Clár oibre cuimsitheach nua a fhoilsiú, le spriocanna cinnte leagtha sios ann, don bhliain 2012 agus 2013
- Borradh 10% idir 2011 – 2013 ar úsáid na Gaeilge in imeachtaí uile an Chomhaltais in Éirinn, borradh ar lion na ndaoine a chleachtanna an Ghaeilge agus ar lion na ngníomhairtí arb í an Ghaeilge an phriomtheanga a úsáidtear.

## Gníomhaíocht # 2

***Comhoibriú le heagrais eile***

Cuirtear béim ar leith sa Straitéis Fiche Blian don Ghaeilge ar níos mó comhoibrithe a chothú idir na heagrais spóirt agus chultúir ar bhonn áitiúil maidir le cur chun cinn na Gaeilge. '*In áiteanna eile, beidh ionaid achmhainní réigiúnacha atá bunaithe ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann le cuidiú o mhaoin poiblí agus ionaid a ritheann comhlachtaí forbartha áitiúla, cultúir agus spóirt eile le comhaontú an chomhlachta a bhionn I gceist mar ionaid do chur chun cinn agus do ghníomhaíochtai Gaeilge.*' [6]

Tagann Comhaltas go huile is go hiomlán leis an anailís seo. Ba chóir go bhfuil scóip mhaith ann breis chomhoibrithe a chothú ar an leibhéal áitiúil idir Comhaltas agus Cumann Lúithchleas Gael. Mar shampla: comhnascadh a chothú idir CLG agus Comhaltas, comhúsáid teach clubanna de chuid CLG, 'cúplaíocht' a chothú idir clubanna CLG agus craobhacha an Chomhaltais.

### *Spriocanna:*

**2010:** Dul i gcomhchainteanna le CLG d'fhonn comhoibriú nios dlúithe a chothú idir an dá eagras

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Comchoiste Comhaltas / CLG a bhunú le plean a dhréachtadh le comhoibriú le chéile le cur le húsáid na Gaeilge sa dá eagras, le spriocanna cuí thar thréimhse réadúil

6 Straitéis Fiche Blian an Rialtais i leith na Gaeilge

- **2012:** Scéim phíolóta comhoibrithe a bhunú idir Meitheal de chuid an Chomhaltais agus CLG

## Gníomhaíocht # 3

***Traenáil***

Sa bhliain 2001, mar chuid de cheiliúradh 50 Blian an Chomhaltais, d'eisigh an Coiste Gaeilge pléchálpéis chuimsitheach pholasaí Gaeilge a chur tús le díospóireacht chruthaitheach ar conas an Ghaeilge a leathnú amach i measc imeachtaí an Chomhaltais. I measc na bhforbairtí a cuireadh chun cinn cuireadh tús le pleanáil straitéiseach agus comhordú iarrachtaí spreagtha teanga na gcraobhacha. Tosaíodh ar theagmháil a dhéanamh leis na meáin áitiúla agus comhoibriú le scoileanna agus le heagrais eile Gaeilge. Chomh maith le sin, cuireadh tús le leathnú úsáid na Gaeilge le linn imeachtaí agus obair laethúil. Ceapadh Treoraithe chun cuidiú le leathnú amach polasaí na teanga agus chun gaol a chinntiú idir Coiste Gaeilge na hArdChomhairle agus na craobhacha uile.

### *Spriocanna*

Cúrsaí traenála a reachtáil do Threoraithe Gaeilge lena gcuid scileanna agus modhanna oibre a fheabhsú

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** 6 chúrsa traenála do Threoraithe Gaeilge eagraithe
- **2012:** 10 gcúrsa traenála do Threoraithe Gaeilge eagraithe
- **2013:** 12 cúrsa traenála do Threoraithe Gaeilge eagraithe

## Gníomhaíocht # 4

***An Coiste Gaeilge***

Tá an Coiste Gaeilge Náisiúnta ag feidhmiú laistigh de struchtúr na hArdchomhairle. Ar an gCoiste Gaeilge tá ionadaithe leis an taithí agus an saineolas cuí a thugann treoir agus a chuireann pleananna teanga ar fail do na craobhacha ar fud na tíre. Déanann an Coiste monatóireacht ar úsáid ghinearálta na Gaeilge agus ar ranganna Gaeilge. Tugann said tacaíocht agus cúnamh do na Treoraithe Gaeilge atá ag obair ar fud na tíre.

Tá na Treoraithe Gaeilge ag feidhmiú go dlúth i gcreatlach náisiúnta Chomhaltais ar leibhéal an chontae, na cúige, agus go náisiúnta. Le cabhair an Choiste Gaeilge, tá sé de dhualgas ar na Treoraithe seo pleananna áitiúla maidir le húsáid na Gaeilge a leagan amach agus a chur i bhfeidhm i measc na gcraobhacha

### *Spriocanna*

Iniúchadh ginearalta a chur i gcrích mar atá thuasluaite faoi Ghníomhaíocht # 1 agus cúrsaí traenála a eagrú do Threoraithe agus do choistí Gaeilge mar atá thuasluaite faoi Ghniomhaiocht # 3

## Gníomhaíocht # 5

***Ceiliúradh 60 Blian***
Beidh an Ghaeilge mar phríomhthéama Ceiliúradh 60 Blian Comhaltas Ceoltóirí Éireann an bhliain seo chugainn.

### *Spriocanna:*

- Normalú na Gaeilge in imeachtaí Comhaltas sonraithe mar phríoracht phleanáil straitéiseach an eagrais.
- Tá sé i gceist ag Comhaltas ról níos gníomhaí a thabhairt don Choiste Gaeilge, agus obair na hArdchomhairle a chuimsiú i dtreo normalú na Gaeilge i measc na gcraobhacha.

### *Táscairí feidhmíochta*

• Leagfar polasaí náisiúnta amach chun bunriachtainis Ghaeilge i ngach aon chraobh a chinntiú.

## Gníomhaíocht# 6

***Polasaí na Gaeilge***
Tá polasaí leanúnach i leith leathnú amach úsáid na Gaeilge in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí laethúla an Chomhaltais. Tá an cur chuige seo bunaithe ar an bprionsabal go mbeadh an Ghaeilge feiceálach, inchloiste, agus spreagtha i measc an Chomhaltais ionas gur féidir nósmhaireachtaí úsáide a chur chun cinn.

Foilsíonn Comhaltas an iris 'Treoir' uair sa ráithe agus dáiltear í saor in aisce ar na baill. Cheana féin, bíonn roinnt ábhair i nGaeilge san iris. Díreoimid ar bhorradh suntasach a dhéanamh ar an méid leathanach a fhoilseofar i nGaeilge agus déanfaimid suirbhé i measc ár léitheoirí lena fháil amach cén saghas ábhair nó altanna as Gaeilge a tharraingeodh a gcuid áird.

### *Spriocanna*

- Gaeilge á úsáid i ngach ábhar scríofa, preas ráiteas, fógra agus ócáid phoiblí de chuid Comhaltas.
- I measc na ngrúpaí Meitheal bunú nuachtlitreacha dátheangacha a mhéadú idir na blianta 2011 – 2013.
- Gaeilge amhain a usáid ar chlocha aitheantais agus ar thrófaithe faoi dheireadh 2011.
- Líon na naltanna Gaeilge i bhfoilseachán tréimhsiúil Comhaltas, TREOIR, agus sa Tuairisc bhliantúil a mhéadú bliain in aghaidh bliana 2100 – 2013
- **2011 – 2013:** Tionscnamh a thosú lena thathaint ar gach ball den Chomhaltas an leagan Gaeilge dá nainmneacha a úsáid go rialta ina ngnáthshaol agus go mbeadh an aidhm sin curtha i gcrích faoi cheann deireadh 2013.

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Suirbhé a chríochnú i measc léitheoirí 'Treoir' maidir le hábhar i nGaeilge
- **2011:** leathanach breise i nGaeilge i 'Treoir'
- **2012:** leathanach breise eile i nGaeilge i 'Treoir'
- **2013:** leathanach breise eile i nGaeilge i 'Treoir'
- **2011:** 20% den bhallraíocht ag úsáid an leagain Ghaeilge dá naimneacha
- **2012:** 20% breis den bhallraíocht ag úsáid an leagain Ghaeilge dá naimneacha
- **2013:** 20% breis den bhallraíocht ag úsáid an leagain Ghaeilge dá naimneacha
- **2013:** Gach cloch aiteantais agus trofaí a bheith i nGaeilge amháin.

## Gníomhaíocht # 7

***Suíomh Idirlín Dátheangach***

Is ábhar mórtais é do Chomhaltas go bhfuil an suíomh idirlín dátheangach Comhaltas.ie forbartha le tamall anuas. Freastalaíonn an suíomh ar cheoltóirí agus ar mhúinteoirí araon, amhail le turasóirí agus le heachtrannaigh. Chomh maith leis sin, tá inneall cuardach dátheangach agus siopa ar an suíomh ar féidir ábhar ceoil a cheannach ann.

*Seo a leanas na staitisticí tráchta don suíomh www.comhaltas.ie sna ceithre bhlian ó bunaíodh é i 2007 go deireadh na bliana 2010 (bunaithe ar an gcóras staitisticí aitheanta Google Analytics):*

### www.comhaltas.ie

| Staitiscí Trachta | Cuairteanna ina niomláine | Gaeilge | Leathanaigh ina niomláine | Gaeilge |
|---|---|---|---|---|
| 2007 | 919,385 | 11,952 | 4,784,028 | 62,192 |
| 2008 | 1,191,651 | 15,491 | 6,200,768 | 80,610 |
| 2009 | 1,261,848 | 16,404 | 6,566,039 | 85,358 |
| 2010 | 1,437,002 | 18,681 | 7,477,453 | 97,201 |
| **Iomlán 2007**-2010 | **4,809,886** | **62,528** | **25,028,288** | **325,361** |

Léiríonn na staitiscí thuas, faoi cheann deireadh 2010, gur tugadh cuairt ar an suíomh 4.8 milliún nuaire agus gur léadh 25 milliún leathanach d'ábhar ar fad. Léiríonn na staitisticí seo go bhfuil Comhaltas.ie ar cheann de na suíomhanna idirlín is mó agus is gnóthaí atá ag plé leis an gcultúr Gaelach. Tá anailís déanta a scarann amach an gnó a dhéantar ar an suíomh i mBéarla agus i nGaeilge amháin agus tá na figiúirí sin breachta síos thuas. Áirítear go bhfuil 1.3% de thrácht an tsuímh I nGaeilge amháin. Caithfear cuimhneamh go dtagann cuairteoirí ó gach cearn den domhan chun an tsuímh seo agus gur dóichí go bhfuil an céatadán cuairtíochta ó fhoinsí in Éirinn níos airde ná sin. Is achmhainn tábhachtach an suíomh i gcur chun cinn an chultúir thraidisiúnta agus na
teanga sa bhaile agus i gcéin é agus tá fúinn níos mó aird agus béime a dhíriú air le linn na tréimhse 2011 – 2013.

*Seo a leanas na staitisticí tráchta don suíomh www.comhaltas.ie a bheartaítear a bhaint amach faoi réir an Phleain Ghnótha seo, idir 2011–2013:*

**Faoin bPlean Gnótha**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2011 | 1,526,300 | 19,800 | 7,941,251 | 103,200 |
| 2012 | 1,614,500 | 21,000 | 8,400,410 | 109,200 |
| 2013 | 1,693,100 | 22,000 | 8,809,276 | 114,500 |
| **Iomlán 2011 – 2013** | **4,833,900** | **62,800** | **25,150,937** | **326,900** |

Go hachomarc, is féidir a rá go bhfuil fúinn an líon chéanna tráchta a bhaint amach sna *trí* bhlian den Phlean seo is a ghnóthaíomar sna chéad cheithre bhlian oibre den suíomh go dtí seo.

Bíonn clár seachtainiúil 'Comhaltaslive' ar an suíomh. Diaidh ar ndiaidh, méadófar an líon cur i láthair a dhéantar air trí mheán na Gaeilge.

### *Spriocanna*

**2011 – 2013:** Méadú suntasach a chur i gcrích maidir leis an lion daoine a thugann cuairt go rialta ar an suíomh seo, ag idirdhealú go soiléir idir cuairteoirí a úsáideann an leagan Gaeilge agus iad siúd a úsáideann an leagan Béarla (féach na figiúir thuasluaite).

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Líon cuairteanna i nGaeilge amháin: 19,800
- **2012:** Líon cuairteanna i nGaeilge amháin: 21,000
- **2013:** Líon cuairteanna i nGaeilge amháin: 22,000
- **2011:** Borradh 5% san ábhar Gaeilge ar an gclár 'Comhaltaslive'
- **2012:** Borradh 5% san ábhar Gaeilge ar an gclár 'Comhaltaslive'
- **2013:** Borradh 5% san ábhar Gaeilge ar an gclár 'Comhaltaslive'

## Gníomhaíocht # 8

***www.ComhaltasArchive.ie***

I mí na Nollag 2009, seoladh ComhaltasArchive.ie, suíomh idirlín ina bhfuil taifid cheoil leithéidí Leo Rowsome, Johnny Doherty, Willie Clancy agus iliomad ceoltóirí eile. B'é Séamus Mac Mathúna a rinne taifeadadh agus bailiú ar mhórchuid den 15,000 ábhar ceoil, agus is é atá mar Cheannaire na Cartlainne anois. Is féidir brabhsáil go dátheangach ar an suíomh idirlín seo chomh maith agus éisteacht le sliochta as na hamhráin.

*Seo a leanas meastachán ar na staitisticí tráchta don suíomh idirlín www.ComhaltasArchive.ie go dtí deireadh na bliana 2010:*

www.ComhaltasArchive.ie

| Staitiscí Trachta | Cuairteanna ina niomláine | Gaeilge | Leathanaigh ina niomláine | Gaeilge |
|---|---|---|---|---|
| 2010 | 23,584 | 1,179 | 254,300 | 12,750 |

*Seo a leanas na figiúir thráchta atá beartaithe a bhaint amach ar an suíomh áirithe seo sa tréimhse 2011 – 2013 (Tugtar faoi deara go náiritear go bhfuil 5% den phlé leis an suíomh seo i nGaeilge):*

**www.ComhaltasArchive.ie**
**Faoin bPlean Gnótha**

| Staitiscí Trachta | Cuairteanna ina niomláine | Gaeilge | Leathanaigh ina niomláine | Gaeilge |
|---|---|---|---|---|
| 2011 | 29,203 | 1,460 | 314,900 | 15,750 |
| 2012 | 33,091 | 1,655 | 357,000 | 17,850 |
| 2013 | 36,160 | 1,800 | 390,000 | 19,500 |
| **Iomlán 2011 – 2013** | **98,454** | **4,915** | **1,061,900** | **53,100** |

### *Spriocanna*

**2011 – 2013:** Méadú suntasach a chur i gcrích maidir leis an lion duine a thugann cuairt go rialta ar an suíomh seo ag idirdhealú go soiléir idir cuairteoirí a úsáideann an leagan Gaeilge agus iad a úsáideann an leagan Béarla.

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Líon cuairteanna i nGaeilge: 1,500
- **2012:** Líon cuairteanna i nGaeilge: 1,700
- **2013:** Líon cuairteanna i nGaeilge: 1,800

## Gníomhaíocht # 9

***Suíomhanna idirlín réigiúnda***

Tá seacht nionad achmhainní réigiúnda curtha ar bun againn le cúpla bliain anuas agus feidhmíonn an Chultúrlann féin mar ionad tacaíochta don tír uile agus don domhan. Tá fúinn anois tacú lena gcuid forbartha agus achmhainní breise a chur ar fáil dóibh trí sainsuíomhanna idirlín a bhunú dóibh. Beidh na suíomhanna seo ar fad go huile is go hiomlán dátheangach. Beidh sainseoladh idirlín (nó URL) acu a bhainfeas le hainm an ionaid féin, leis an gcomhcheangail a threisiú le gach ionad ar leith.

### *Sprioc*

Suíomh idirlín dátheangach ar leith a bhunú do gach ceann den ocht ionad achmhainní réigiúnda atá againn.

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** seacht suíomh idirlín réigiúnda bunaithe agus ag feidhmiú, taobh ar taobh le Comhaltas.ie
- **2012/2013:** borradh suntasach, bliain ar bhliain, ar líon na tráchta chun na suíomhanna seo.

## Gníomhaíocht # 10

***Imeachtaí***

Sna seisiúin, sna ceolchoirmeacha, agus sna Fleadhanna, tugtar comhthéacs nádurtha, neamhfhoirmiúil don Ghaeilge agus is deiseanna iad gnáthúsáid na teanga a normalú lena linn. Tá úsáid na Gaeilge ag méadú i measc láthreoirí, feighlithe, agus riarthóraí na n-imeachtaí seo agus tá eolas curtha ar fáil as Gaeilge mar aon le fógraí poiblí agus fógraí treoracha dátheangacha.

### *Spriocanna*

Féach Ghníomhaíocht # 1 thuasluaite maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar ár gcuid imeachtaí ar fad agus plean cuimsitheach a dhréachtadh le méadú suntasach in úsáid na Gaeilge a chur I gcrích inár gcuid imeachtaí ar fad le linn na tréimhse 2011–2013.

## Gníomhaíocht # 11

***Comórtas Comhrá Gaeilge***

Feidhmíonn an Comórtas Comhrá Gaeilge ó leibhéal na gcraobhacha, na gcontaetha agus na gcúigí go dtí an leibhéal náisiúnta. Tugann na comórtais seo dreasacht do na rannpháirtithe labhairt as Gaeilge i rith fhéilirí an chomórtais, agus bíonn éifeacht shuntasach aige seo ar úsáid na teanga ag na himeachtaí sin.

### *Spriocanna*

- Ag baint tairbhe as lárnacht na Gaeilge mar théama le linn an Bhliain Chomóradh Seasca Blian, feachtas bolscaireachta inmheánach a reachtáil le tathaint ar nios mó daoine páirt a ghlacadh sa Chomórtas.
- Tá sé mar aidhm againn don mheántéarma nascanna comhcheangailte níos mó chothú le scoileanna ar fud na tire le tathaint orthu páirt a ghlacadh sa Chomórtas.

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Borradh 10% i líon na rannpháirtithe sa Chomórtas Comhrá Gaeilge
- **2012:** Borradh 5% i líon na rannpháirtithe sa Chomórtas Comhrá Gaeilge
- **2013:** Borradh 5% i líon na rannpháirtithe sa Chomórtas Comhrá Gaeilge

## Gniomhaíocht # 12

***Seachtain na Gaeilge agus Ionaid na Gaeilge***
Eagraítear Seachtain na Gaeilge le linn Fleadh Cheoil na hÉireann agus is bealach éifeachtach é seo chun an gaol idir an cultúr, agus an teanga agus an fhéiniúlacht a léiriú. Méadófar an líon Fleadhanna contaetha a bhfuil Ionaid Ghaeilge iontu le linn na seachtaine mar atá á dhéanamh ag an Fleadh Náisiúnta agus na Fleadhanna Cúige.

Mar thaca ar seo, bunófar Ionaid na Gaeilge le linn Fleadhanna cúige, agus Fleadhanna contaetha. Déantar drámaí, tráth na gceist, taispeántais leabhar, agus turais do na Gaeltachtaí a reachtáil ó na hionaid seo. Tugann siad suíomh nádúrtha don Ghaeilge, áit ina bhfuil sí mar chéad teanga labhartha.

### *Spriocanna*

Ag baint tairbhe as lárnacht na Gaeilge mar théama le linn an Bhliain Comóradh Seasca Blian, feachtas bolscaireachta inmheánach a reachtáil le tathaint ar nios mó daoine páirt ghníomhach a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge agus in Ionad na Gaeilge.

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** 10 gcinn bhreise de Fhleádhanna Contae a bhfuil Ionad Gaeilge acu
- **2012:** 10 gcinn bhreise de Fhleádhanna Contae a bhfuil Ionad Gaeilge acu
- **2013:** 12 gcinn bhreise de Fhleádhanna Contae a bhfuil Ionad Gaeilge acu

## Gníomhaíocht # 13

***Scoil Éigse***
Sa Choláiste Samhraidh Scoil Éigse tá sruthán ann d'fhoghlaim na Gaeilge agus le linn an chúrsa déantar dlúthcheangail an cheoil, na hoidhreachta, agus na teanga a fhiosrú.

### *Spriocanna*

Áit nios lárnaí agus nios leithne a chothú don Ghaeilge in imeachtaí Scoil Éigse

## Gníomhaíocht # 14

***Seisiún***
Tosaíonn Seisiún Comhaltas Ceoltóirí Éireann i mí Iúil. Is imeacht seacht seachtaine atá ann, áit a measctar ceoil, amhránaíocht agus an Ghaeilge le craic agus spraoi an tSamhraidh. Léiríonn na hócáidí bríomhara seo gur próiséas beo beathach, dinimiciúil is ea an traidisiún.

### *Spriocanna*

Áit nios lárnaí agus níos leithne a chothú don Ghaeilge in imeachtaí Seisiúin

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Borradh 5% i líon an ama a léiritear go hiomlán i nGaeilge le linn Seisiúin
- **2012:** Borradh 5% eile i líon an ama a léiritear go hiomlán I nGaeilge le linn Seisiúin
- **2013:** Borradh 5% eile i líon an ama a léiritear go hiomlán I nGaeilge le linn Seisiúin

## Gníomhaíocht # 15

***Ranganna Gaeilge – 'Focal ar Fhocal'***

Tá ranganna Gaeilge á reáchtáil i gcraobhacha ar fud na tíre agus thar lear. Le déanaí, ta córas nua teagaisc 'Focal ar Fhocal' á úsáid ag ranganna an Chomhaltais. Tá breis agus 500 dalta i 40 craobh ag foghlaim Gaeilge faoin modh seo agus tá an scéim ag leathnú amach de réir a chéile. Tá sé i gceist seiminéar traenála a eagrú don scéim seo. Seolfar ionadaithe go dtí na craobhacha ag léiriú conas a fheidhmíonn an modh 'Focal ar Fhocal' ionas go gcinnteofar go mbeidh an córas seo I bhfeidhm go héifeachtach sna craobhacha nua. Tá sé mar aidhm ag Comhaltas an líon seo foghlaimeoirí a dhúbailt roimh dheireadh cheiliúradh 60 Blian an Chomhaltas.

### *Spriocanna*

- **2011:** Seimineár traenála a eagrú do lucht múinte 'Focal ar Fhocal'
- **2011:** Traenálaithe a sheoladh go dtí na craobhacha ag léiriú conas a fheidhmíonn an modh 'Focal ar Fhocal' ionas go gcinnteofar go mbeidh an córas seo i bhfeidhm go héifeachtach sna craobhacha nua.

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Dúbailt ar líon na mball agus na gcraobhacha atá pairteach sa chóras 'Focal ar Fhocal'
- **2012:** Borradh 10% ar 2011 i líon na mball agus na gcraobhacha atá pairteach sa chóras 'Focal ar Fhocal'
- **2011:** Borradh 10% ar 2012 i líon na mball agus na gcraobhacha atá pairteach sa chóras 'Focal ar Fhocal'
- **2011:** Comhaontas a chríochnú leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta le 'Focal ar Fhocal' a leathnú mar eiseamlár I measc eagrais eile
- **2012:** Eagras eachtranach amháin sa bhreis bheith ag úsáid 'Focal ar Fhocal'
- **2012:** Dhá eagras eachtranach breise bheith ag úsáid 'Focal ar Fhocal'

## Gníomhaíocht # 16

***Comhoibriú le heagrais Ghaeilge***

Tá sé sonraithe mar chuspóir i mBunreacht Chomhaltas Ceoltóirí Éireann '*Comhoibriú le gach eagrais atá ag saothrú an chultúir Ghaelaigh*'. Tá sé léirithe go soiléir go bhfuil Comhaltas sásta obair i bpáirt leis an Rialtas agus eagrais eile na Gaeilge. Braithfidh éifeachtacht Straitéis 20 Blian don Ghaeilge de chuid an Rialtais ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhordú seo. Tá bonneagar forbartha, fadbhunaithe ag Comhaltas agus táimid sásta ár gcuid sealúchas a chur ar fáil ar cíos réasúnta.

### *Spriocanna*

Comhchainteanna a chur ar bun leis na príomheagrais Ghaeilge eile d'fhonn bealaigh nua agus éifeachtacha chomhoibrithe a chothú

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Comhaontas foirmeálta comhoibrithe a shíniú le heagras Gaeilge amháin
- **2012:** Comhaontas foirmeálta comhoibrithe a shíniú le heagras Gaeilge amháin
- **2013:** Comhaontas foirmeálta comhoibrithe a shíniú le heagras Gaeilge amháin

## Gníomhaíocht # 17

***Gaelscoileanna***

Oibríonn craobhaca eagsúla an Chomaltais go háitiuil le scoileanna náisiúnta ag soláthar oidí do mhúineadh ceoil, amhránaíochta agus damhsa. Táimid chun forbairt a dhéanamh ar thionscnamh nua dátheangach maidir le múineadh an cheoil, amhránaíochta agus rince I measc daltaí scoile.

Toisc an ról lárnach atá ag na Gaelscoileanna i gcur chun cinn na Gaeilge, eagrófar scéim oiliúna ar leith dírithe ar na Gaelscoileanna mar phríomhacht, i gcomhpháirtíocht le Gaelscoileanna Teo.

### *Spriocanna*

- Tionscnamh nua dátheangach a fhorbairt maidir le múineadh an cheoil, amhránaíochta agus rince i measc daltaí scoile.
- Aontú ar dhul i gomhpháirtíocht le Gaelscoileanna Teo ar mhaithe le scéim oiliúna ceoil a bhunú dírithe ar Ghaelscoileanna mar phriomhacht.

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Tionscnamh nua dátheangach a fhorbairt maidir le múineadh an cheoil, amhránaíochta agus rince i measc daltaí scoile.
- **2011:** Scéim phíolóta curtha i leith Gaelscoileanna curtha ar bun I réigiún amháin
- **2012:** 10 Gaelscoil cláraithe sa scéim
- **2013:** 10 Gaelscoil breise cláraithe sa scéim.

## Gníomhaíocht # 18

***Úsáid na Gaeilge***

Tá tuilleadh forbartha le déanamh ó thaobh comhfhreagrais agus gnáthchumarsáid trí Ghaeilge na gcraobhacha a leathnú amach. Tá sé I gceist cur le seo trí chaighdeán a leagadh síos a chinnteoidh go bhfuil an Ghaeilge á húsáid do bhunseirbhísí agus do ghnáthchumarsáid Chomhaltas. Déanfar an obair seo a chomhordú faoi threoir na hArdChomhairle agus Choiste na Gaeilge.

### *Spriocanna*

- Caighdeán a leagadh síos a chinnteoidh go bhfuil an Ghaeilge á úsáid do bhunseirbhísí agus do ghnáthchumarsáid Comhaltas.
- Suirbhé a chur ar bun le deimhniú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge I ngnathobair an Chomhaltais len í sin a bhunliniú mar bhonn pleanála don todhchaí.

## Gníomhaíocht # 19

***Cláracha raidio áitiúla***

Cuireann baill an Chomhaltais cláracha raidio i láthair go rialta gach seachtain faoin gceol traidisúnta ar stáisiúin áitiúla in Éirinn agus thar lear. Tá scóip ann an líon ama i nGaeilge sna cláir seo a mhéadú nó, fiú, cláracha go huile agus go hiomlán i nGaeilge a chraoladh.

### *Spriocanna*

**2011 – 2013:** méadú suntasach ar an ábhar i nGaeilge a chraoltar go rialta ar chláracha ceoil ar an raidio áitiúil.

### *Táscairí feidhmíochta*

- **2011:** Líon an ama a thiomnaítear d'ábhar Gaeilge a mhéadú sna cláracha raidio áitiúla agus breis cláracha iomlán Gaeilge a fhorbairt
- **2012:** Borradh 10% ar an ábhar lán Ghaeilge a chraoltar ar na cláracha raidio áitiúla
- **2012:** Borradh 5% ar an ábhar lán Ghaeilge a chraoltar ar na cláracha raidio áitiúla

## Gníomhaíocht # 20

***Úsáid a bhaint as na hIonaid Achmhainní Réigiúnda agus na hIonaid Fhorrochtana maidir le cur i bhfeidhm Phleain Ghníomha an Chomhaltais i leith na Gaeilge 2011 - 2013***

Ag cur san áireamh an Chultúrlann féin i mBaile na Manach, Contae Bhaile Átha Cliath, tá ocht nIonad Achmhainní Réigiúnda ag an gComhaltas maille le ocht nIonad For-rochtana.

Tá gach ceann de na hionaid seo comhcheangailte le grúpa Meitheal. Séard atá i Meitheal ná tionscnamh atá dírithe ar an tacaíocht don chultúr Gaelach a mhéadú i measc daoine agus i measc comhluadair logónta. Tá dlúthcheangail oibrithe idir Meitheal agus na hIonaid Achmhainní Réigiúnda. An bhua shainiúil a bhaineann le Meitheal ná go ndíríonn sé ar dhaoine agus ar eagrais atá seachtranach don Chomhaltas len iad a chur ag obair i gcomhpháirtíocht linn. Sa chaoi seo, is féidir neart agus tallainn grúpaí agus eagrais éagsúla eile a chur ag comhoibriú ar mhaithe leis an gcultúr Gaelach ar bhonn logónta.

Seo a leanas an struchtúr réigiúnda atá ar Mheitheal (ionad réigiúnda I gcló trom):
**Sligeach**, Liatroim, Roscomáin, Maigh Eo, Fearmanach
**Tír Eoghain**, Doire, Dún na nGall, Aontraim, An Dún
**Tiobraid Árann**, Port Lairge, Corcaigh, Loch Garman, Cill Chainnigh
**An Clár**, Gaillimh, Luimneach, Ciarraí

**Lú**, An Cabhán, Muineachán, Ard Mhacha, An Mhí
**Baile Átha Cliath,** Cill Dara, Cill Mhantáin, Ceatharlach
**An Iarmhí**, Longfort, Uí bhFáile, Laois

Tá Reachtaire agus foireann phroifisiúnta ag tacú le gach Meitheal / Ionad Réigiúnda. Tá na céadta tionscnamh curtha i gcrích ag Meitheal go dtí seo agus tá ag éirí thar cionn leo.

Dá bharr sin, tá sé i gceist again cúram faoi leith a leagadh ar na Reachtairí agus ar Mheitheal maidir leis na spriocanna ar fad agus na táscairí feidhmíochta sa Phlean Gníomha seo a bhaint amach.

## *Spriocanna*

- **2011:** Freagracht ghlinn i leith cur i gcrích Phleain Ghníomha an Chomhaltais don Ghaeilge a leagadh ar na hIonaid Achmhainní Réigiúnda go luath sa bhliain.
- **2011 – 2013:** Cartlanna réigiúnda a bhunú agus a fhorbairt, cúrsaí traenála cuí a reachtáil, fóraim logónta chomhoibrithe a bhunú agus a fhorbairt.

## *Táscairí feidhmíochta*

- **2011 – 2013:** Cartlanna logónta ar bun agus ag feidhmiú san ocht réigiún de chuid Meitheal
- Comhlíonadh ina iomláine ar na táscairí feidhmiochtaí atá luaite I nGníomhaoíochtaí # 1 go # 20.

# AGUISÍN I

## Imeachtaí agus Gniomhachtaí an Chomhaltais

***Borradh ar usáid na Gaeilge 2011 – 2013***

Mar a luaitear faoi réir Gníomhaíocht # 1 thuasluaite, tá sé i gceist again Iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar gach ceann de na himeachtaí agus na gníomhaiochtaí a eagraíonn Comhaltas ar mhaithe le:

a. bunlíne a dhréachtadh maidir le húsáid na Gaeilge iontu faoi láthair
b. teacht ar an bpóiteinsil atá iontu cur le husáid na Gaeilge
c. plean cuimsitheach a mhairfidh ó 2011 – 2013 a dhréachtadh maidir le borradh in úsáid na Gaeilge sna himeachtaí agus gniomhaiochtaí sin. In áirithe sa phlean sin beidh spriocanna agus táscairí soiléir, bliain ar bhliain.

Seo a leanas liosta achomarc de na himeachtaí agus de na gníomhaíochtaí éagsúla a eagraíonn Comhaltas faoi láthair.

- Cultúrlann na hÉireann
- Ranganna ceoil
- Na fleádhanna ceoil ar fad – naisiúnta, cúige agus contae
- Fleadh Nua
- Scoil Éigse
- Teastas agus Scrudú sa Cheol Tíre
- Foilsiú téipeanna agus físeán
- Treoir' – iris an Chomhaltais
- Seisiún
- Cartlanna
- Turais sa bhaile agus thar lear
- Ceolfhoireann Tíre an Chomhaltais
- Cúlra agus Cúlra na nÓg sa Bhreatain
- Coinbhinsean Mheiriceá Thuaidh
- Féiltí áitiúla
- Cláracha raidio áitiúla
- Ionaid Achmhainní Réigiúnda agus Ionaid Fhor-rochtana

**Comhaltas Ceoltóirí Éireann**
**24ú Lúnasa 2010**